

CEANN ROINN NA GAELIGE (LÉACHTÓIR SINSEARACH) Post Buan, Lánaimseartha

SAINCHUNTAS POIST GINEARÁLTA Dualgais, Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta

1. BROLLACH

Is coláiste Caitliceach neamhspleách Oideachais agus Saorealaíon ar leibhéal ollscoile é Coláiste Mhuire gan Smál (CMgS). Bunaíodh an coláiste in 1898 agus tá ceangal acadúil idir é agus Ollscoil Luimnigh. Tá sé ar an institiúid ardoideachais is sine i Luimneach. Rinneadh fairsingiú mór ar an gColáiste le roinnt blianta anuas, agus tá méadú tagtha ar na cúrsaí atá ar fáil sa Choláiste ar dhá champas iontacha dá réir sin: campas i gceolár Chathair Luimnigh agus campas eile i nDurlas, Co. Thiobraid Árann. Tá breis is 5,000 foghlaimoir sa phobal éagsúil mac léinn, agus tá naoi gcinn de chlár chéime mar aon le réimse leathan deiseanna iarchéime chomh fada le leibhéal dochtúireachta á gcur ar fáil. Bíonn réimse leathan taighde ar siúl ag an bhfoireann acadúil, agus is é an taighde sin atá mar bhonn agus mar thaca ag an teagasc agus ag an bhfoghlaim ar fad sa Choláiste.

Féachann CMgS lena mhic léinn a ullmhú don sármhaitheas gairmiúil agus lena n-acmhainneacht a chothú chun saol rathúil a chaitheamh.

2. PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA & SCÓIP AN RÓIL

Is mian le Coláiste Mhuire gan Smál Ceann ar Roinn na Gaeilge a cheapadh ar bhonn buan, lán-aimseartha ag tosnú i mí *Lúnasa 2019*. Déanfar an ceapachán seo ag leibhéal an Léachtóra Shinsearaigh.

Is deis iontach í seo chun a bheith i gceannas ar fhoireann ilghnéitheach atá gníomhach sa taighde agus atá ag obair ar an dá champas atá againn i Luimneach agus i nDurlas. Glacfaidh Ceann Roinn na Gaeilge le ról ceannaireachta agus bainistíochta le freagracht don obair leathan a bhíonn ar siúl ag an Roinn, teagasc, bainistiú agus seachadadh modúl agus clár ag an leibhéal fochéime agus iarchéime trí mheán na Gaeilge agus aon chlár eile a d'fhéadfadh a bheith á dtairiscint ag an gColáiste. Tá seans go mbeidh ar an té a cheaptar a bheith rannpháirteach i bhforbairt chlár Gaeilge ó am go chéile, de réir mar a tholeann an Coláiste.

Mar Cheann Roinne, beidh an té a cheaptar freagrach as riaradh acadúil na Roinne. Is gá go mbeidh spéiseanna láidre taighde forbartha ag an té a cheaptar, taithí i riaracháin acadúil san áireamh, mar aon le taithí i ndearadh siollabais, i seachadadh agus i measúnú ar chlár i nGaeilge. Is gá go mbeidh an té a cheaptar in ann comhoibriú le daoine sa Roinn agus a gcuid oibre a stiúradh nuair is gá. Beifear ag súil go gcomhoibreoidh an té a cheaptar go dlúth ar aon chlár a sheachadaítear ar bhonn idirdháimhe. Tuairisceoidh sé/sí do Dhéan na nDán agus comhoibreoidh sé/sí freisin mar bhall de Choiste Bainistíochta Dámh na nDán.

Chun go dtógfár iarratas san áireamh don bpost seo, beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag gach iarrthóir:

- (1) Cáilíocht sa Ghaeilge ag leibhéal na Dochtúireachta;

- (2) Trí bliana taithí ar a laghad ar theagasc ag an tríú leibhéal;
- (3) Próifíl láidir cruthaithe i dtaighde – fianaise ann go bhfuil saothar dá gcuid foilsithe i bhfoilseacháin acadúla agus próifíl taighde bhunaithe mar aon le taithí i riarachán acadúil, i ndearadh siollabais, le seachadadh agus measúnú cláir i nGaeilge san áireamh;
- (4) Sárscoilleana Teagaisc;
- (5) Sárscoilleana ceannaireachta agus daoine a bhainistiú, le cumas léirithe gur féidir baill foirne/comhghleacaithe agus mic léinn a spreagadh agus meantóireacht a thabhairt dóibh;
- (6) Sárscoilleana idirphearsanta, eagrúcháin agus cumarsáide;
- (7) Tuiscint chuimsitheach ar chóras ardoideachais na hÉireann, beartas agus cleachtas i réimsí tacaíochta do mhic léinn agus rannpháirtíocht níos leithne san áireamh;
- (8) Fís maidir le forbairt na Roinne sa todhchaí i gcomhthéacs misin agus straitéis an Choláiste le fianaise maidir le nuálaíocht i bpleanáil, i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na glár.

Ina theannta sin, tá sé inmhianaithe go mbeidh an taithí seo a leanas ag iarrthóirí:

1. Taithí ar fheitheoireacht a dhéanamh ag leibhéal na máistreachta agus na dochtúireachta;
2. Fianaise maidir le seirbhís pobail acadúil atá déanta ag an iarratasóir;
3. Cumas a léiriú maidir le gníomhaíocht taighde a ghiniúint agus maoiniú taighde a aimsiú;
4. Taithí ar mhaoirseacht/ar bhainistíocht na foirne acadúla;
5. Tuiscint ar nósanna imeachta scrúduithe, nósanna imeachta scrúdaitheora sheachtraigh agus caighdeán cháilíochta measúnaithe;
6. Cumas a léiriú maidir le buiséid roinne a bhainistiú agus aighneachtaí a ullmhú d'fhoirne bainistíochta laistigh de Dhámh na nDán agus sa Choláiste trí chéile.

Ba cheart go dtabharfadh iarratasóirí cur síos soiléir ina gcuid iarratais ar na bealaí ina gcomhlíonann siad na réamh-riachtanais thuasluaite. Déanfar gearrliostú ar iarratasóirí bunaithe ar na critéir riachtanacha agus inmhianaithe ar aon.

Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfadh go mbeadh impleachtaí ag beartas reatha an rialtais ar athfhostú iarratasóirí go bhfuil pinsean na hearnála poiblí á fháil acu faoi láthair.

3. SAINCHUNTAS POIST

Caidreamh Tuairiscithe

Beidh ar an té a cheapfar na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh faoi stiúir ghinearálta Dhéan na nDán dá dtuairiscíonn sé/sí agus dá bhfuil sé/sí freagrach maidir le feidhmíocht na ndualgas sin ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an té a cheapfar don Leas Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, d'Uachtarán an Choláiste agus/nó d'Oifigigh Coláiste eile mar a cheapann an tUachtarán ó am go ham trí Dhéan na nDán.

Beidh air/uirthi idirchaidreamh a dhéanamh le Cinn Ranna agus leosiúd atá ag feidhmiú ag leibhéal na ceannaireachta/na bainistíochta laistigh de Dhámh na nDán agus le pearsanra eile an Choláiste agus le comhlachtaí Coláiste cuí chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Sa chás go mbeadh dualgais ag teacht salach ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí aon shealbhóirí poist eile sa Choláiste socróidh Uachtarán an Choláiste sin.

D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh tuairiscithe ó am go chéile, i gcomhréir le riachtanais agus le forbairtí seirbhíse sa Choláiste.

Dualgais agus Freagrachtaí

Anuas ar léachtóireacht agus ar obair le ceardlanna teanga agus ar ranganna teagaisc, beidh na dualgais seo a leanas i gceist:

Ginearálta:

Beidh an té a cheaptar freagrach, faoi réir ag polasaí ginearálta an Choláiste, as ardchaighdeáin Roinn na Gaeilge a chothú; as feidhmiú éifeachtach na Roinne; as obair na Roinne a chomhordú agus gach dualgas riaracháin a thagann chun cinn dá bharr.

I measc na ndualgas freisin beidh obair ar chlárí fhochéime ag leibhéil an BA agus an BOid agus ar chlárí iarchéime ag leibhéil an Dioplóma, na Máistreachta agus na Dochtúireachta.

Cuirfidh an té a cheaptar le nuálaíocht agus le dearadh cúrsa mar aon le forbairt bheartais ag leibhéal fochéime agus iarchéime.

Clár:

Beidh an té a cheaptar freagrach, le comhairliúchán roimh ré ó fhoireann na Roinne agus Ranna eile laistigh de Dhámh na nDán, as clár agus modúil nua a dhearadh agus/nó as athruithe a dhéanamh ar chlár agus ar mhodúil atá ann cheana, nuair is gá, beidh sé/sí freagrach, freisin, as ábhair an tsiollabais a bheidh iontu; agus as clár agus modúil nua nó athraithe a chur os comhair Bhoird Acadúil Choláiste Mhuire gan Smál agus coistí eile de réir mar is gá (Bord an Chúrsa, Bord na Dáimhe, Coiste Breithmheasa um Chlár Acadúla) mar aon le coistí inmheánacha agus seachtracha eile de réir mar is gá.

Scrúduithe:

Eagar agus marcáil scrúduithe a shocrú, athscrúduithe san áireamh, ag amanna cuí. Cruinnithe scrúduithe roinne a ghairm ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime agus feidhmiú mar chathaoirleach na gcruinnithe úd, painéil dul chun cinn iarchéime san áireamh. Teagmháil a dhéanamh le scrúdaitheoir(í) seachtracha agus freastal ar chruinnithe bhoird scrúdaithe.

Foireann Roinne:

Baill foirne a threorú agus a bhainistiú. meantóireacht a dhéanamh ar bhaill foirne agus iad a spreagadh, ualaih oibre a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Cruinnithe foirne Roinne a ghairm agus feidhmiú mar chathaoirleach orthu, ar bhonn rialta, chun clár, modúil, taifead na mac léinn, tionscnaimh nua agus cur chuige nua maidir le teagasc an ábhair le tagairt ar leith do na teicneolaíochtaí faisnéise atá ar fáil anois a phlé. Tacú le forbairt ghairmiúil na foirne. In éagmais léachtóirí, Oifig na nDán agus mic léinn a chur ar an eolas go bhfuil léachtaí curtha ar ceal, léachtóirí a fháil chun seasamh isteach sa bhearna, léachtaí malartacha nó chun obair eile a shocrú do mhic léinn.

Taighde:

Chun tabhairt faoi thaighde ar bhonn gníomhach as a dtiocfaidh foilseacháin acadúla. Chun gníomhaíocht taighde a chur chun cinn i Roinn na Gaeilge agus chun baill na Roinne a spreagadh chun a gcuid taighde a fhoilsiú. Chun feitheoireacht ghníomhach a dhéanamh ar thráchtas ag leibhéal na maistreachta agus na dochtúireachta. Coistí Taighe agus Eitice a eagrú agus feidhmiú mar chathaoirleach orthu

Mic Léinn:

Beidh an ceapaí ar fáil do mhic léinn chun treoir agus comhairle a thabhairt dóibh, teagmháil a dhéanamh le mic léinn agus a leas acadúil agus tréadach a chur chun cinn. Déantar comhoibriú leis an gComh-LeasUachtarán Taighde, le Ceann na Scoile Iarchéime agus le Ceannairí Cúrsa cuí maidir le teagasc na gclár fhochéime agus le feitheoireacht na mac léinn iarchéime. Comhoibriú leis an Oifig Sheach-champais chun socrúcháin agus feitheoireacht mhic léinn ar staidéar seach-choláisteach agus nó ar chlárí oibre a shocrú.

Cruinnithe

Freastal ar na cruinnithe seo a leanas sa Choláiste: An Chomhairle Acadúil, Coiste Bainistíochta Dhámh na nDán, Bord Dhámh na nDán agus Bord na Gaeilge.

Rannpháirtíocht a ghlacadh i gclárí oiliúna bainistíochta leanúnacha agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a thugann tacaíocht d'fhorbairt struchtúir bhainistíochta éifeachtacha ag leibhéal na Roinne agus na Dáimhe.

Ba cheart a thabhairt faoi deara i ngach limistéar oibre/roinn laistigh den Choláiste go mbeidh ar an té a cheaptar feidhmiú mar chuid d'fhoireann. Déantar sainmhíniú leathan ar an obair faoi na ceannteidil mar atá liostáilte. Ní liosta uileghabhálach liosta na ndualgas uile. Ní thitfidh comhlíonadh na ndualgas ar dhuine amháin ach go

háirithe, bíonn modh oibre solúbtha mar aon le hobair foirne riachtanach chun go mbainfear amach an sprioc Coimeádann an Coláiste an ceart dualgais nua a shannadh agus/nó baill foirne a chur ag obair i réimsí eile sa Choláiste, mar fhreagra ar riachtanais seirbhíse.

4. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA FOSTAÍOCHTA

Ginearálta

Síneoidh gach duine fostaithe ag an gcoláiste conradh oiriúnach, ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha go léir a bhaineann leis an bhfostaíocht. Tugtar sainchuntas poist do gach iarrthóir fostaíochta agus beidh sé seo mar chuid de cháipéisíocht an chonartha.

Láthair Oibre

Is é Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, do láthair oibre. Beidh an té a cheaptar ag freastal go rialta ar Champas Phádraig i nDurlas chun obair i bpáirt le baill foirne agus le mic léinn ann. Forchoimeádann an Coláiste an ceart éileamh a chur ort oibriú ó aon láthair eile. Éilíonn an Coláiste go mbeidh an té a cheapfar ina c(h)ónaí laistigh d'achar réasúnta ón gColáiste.

Eisiachas Seirbhíse agus Obair Lasmuigh

Beidh ar an té a cheapfar a aird/hairead iomlán agus a chumais/cumais iomlána a chaitheamh lena dhualgais/dualgais le linn a chuid/cuid uaireanta oibre sa Choláiste agus gníomhú ar mhaithe le leasanna an Choláiste i gcónaí. Dá bhrí sin, an t-achar a bheidh an t-iarratasóir rathúil fostaithe ag an gColáiste ní féidir leis/léi, gan cead i scríbhinn roimh ré ón gColáiste, a bheith páirteach go gníomhach nó rannpháirteach in aon chineál slí, go díreach nó go hindíreach, in aon ghnó nó fiontar eile a bheadh i gcoimhlint le leasanna an Choláiste nó a chuirfeadh isteach ar fheidhmíocht na ndualgas a bhfuil an duine sin fostaithe lena gcomhlíonadh.

Lasmuigh de léachtaí a thabhairt ó am go chéile in áiteanna eile, leabhair agus ábhair litríochta ócáideacha a scríobh, ní thabharfaidh an té a cheapfar, le linn a théarma/téarma in oifig, faoi obair lasmuigh ar mhaithe le híocaíocht mura mbeidh cead faighte aige/aici ón Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, tabhairt faoin gcineál sin oibre faoi réir théarmaí agus choinníollacha socraithe don fhiontar atá i gceist. Tá sé de dhualgas ar an té a cheapfar, i ngach cás, cead a iarraidh roimh ré i scríbhinn ón Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla. Is é dualgas an té an cheapfar freisin, i ngach cás, a chur in iúl don duine nó don chomhlacht go bhfuil an obair á dhéanamh dó go príobháideach agus nach féidir leis an gColáiste a bheith freagrach as an obair sin.

Tréimhse Phromhaidh

Tá an ceapachán faoi réir tréimhse phromhaidh chaighdeánach 9 mí a chomhlíonadh go rathúil. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh faoi rogha an Choláiste, ach ní bheidh an tréimhse níos faide ná 11 mhí i gcás ar bith. Cuirfear síneadh leis an tréimhse phromhaidh mar thoradh ar an mball foirne a bheith as láthair ón obair lena linn. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar i rith na tréimhse phromhaidh trí phróiseas cruinnithe measúnaithe. Beidh foirceannadh na fostaíochta sa tréimhse phromhaidh faoi rogha an Choláiste. Beidh leagan giorraithe den nós imeachta smachta i bhfeidhm i gcás fostaithe atá ar promhadh agus nach bhfuil fostaithe ag an gColáiste le breis is 12 mhí.

Uaireanta Tinrimh

Is é atá i gceist leis an ngnáth-sheachtain oibre ná 39 uaireanta an chloig in aghaidh na seachtaine, nó 7.8 uaireanta an chloig in aghaidh an lae, ó Luan go hAoine. Táthar ag súil go mbeidh an té a cheapfar ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann le linn ghnáthuaire an Choláiste, Luan go hAoine. Tá seans go mbeidh ar an té a cheaptar a bheith ar fáil chun dul i mbun oibre um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine ó am go ham.

Tá dualgas ar bhaill foirne acadúla seoladh ríomhphoist a thabhairt do mhic léinn chun gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leo. Is gá dóibh freisin uimhir ghutháin a thabhairt d'Údarás an Choláiste trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi lasmuigh den seimeastar. Ní thabharfaidh Údarás an Choláiste amach, áfach, uimhreacha teileafóin do mhic léinn riamh.

Tuarastal

Tá na scálaí tuarastal don phost seo ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhréir le Polasaí an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí. D'fhéadfaí tuarastal bliantúil don phost a ardú nó a ísliú chun é a chur in oiriúint do Bhearta an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí. Ag teacht le gach brainse eile den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, ní cheadaítear margáil aonair a dhéanamh chun méadú tuarastail a bhaint amach.

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le Beartas reatha Pá an Rialtais. Tosnóidh iontrálaithe nua sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, mar atá sainníthe i gCiorclán 18/2010, ar an gcéad phointe den scála tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018, seo a leanas scála tuarastail bliantúil an **Léachtóir Sinsearaigh**:

€69,843; €72,513; €75,191; €77,879; €80,538; €83,224; €85,901; €88,578; €91,251 (9 bpointe)

Bronntar incrimintí ar aon dul le comhaontuithe náisiúnta pá.

Íocfar tuarastal ar bhonn míosúil ar an dara lá oibre deiridh de gach mí ag baint úsáide as an tsaoráid *Paypath*, rud a chiallaíonn nach féidir tuarastal a íoc ach amháin isteach i gcuntas bainc ainmnithe.

Tá íocaíocht turastail agus phá faoi réir asbhaintí reachtúla, i.e. Cáin Ioncaim (ÍMAT), Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC).

Aoisliúntas

Beidh sé de dhualgas ar iontrálaithe nuacheapaithe a bheith rannpháirteach sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ag na rátaí cuí de réir fhorálacha An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir sonraí na scéime seo a fháil ach cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an Choláiste.

Bíonn gach comhalta incháilithe den fhoireann páirteach go huathoibríoch i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna ar ghlacadh le ceapachán dóibh. I gcomhréir le Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna, baintear asbhaintí suas go 6.5% ón tuarastal. Is féidir mionsonraí a fháil ar rialacháin a bhaineann le Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais a fháil ón Oifig um Acmhainní Daonna sa Choláiste.

Beidh ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a íoc faoi fhorálacha An Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

Ní bheidh aois scoir éigeantach ag daoine a chur tús lena gcuid oibre sa tseirbhís phoiblí idir 1 Aibreán 2004 agus 31 Nollaig 2012 agus nach raibh sos fostaíochta acu de thréimhse ama níos faide ná sé mhí. Beidh aois scoir éigeantach de 70 ag gach duine eile a cheaptar.

Is é 70 bliain d'aois an aois scoir éigeantach do bhaill foirne nua iontrálaithe i bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí tar éis 1 Eanáir 2013. Is gá do gach ball foirne eile de chuid an Choláiste éirí as ag aois a 65.

Is féidir le baill foirne nach bhfuil incháilithe do bhallraíocht i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna leas a bhaint as CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta). Tá soláthróir ainmnithe CCSP ainmnithe ag an gColáiste agus ba cheart do bhaill foirne nach bhfuil incháilithe do bhallraíocht i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Airgeadais chun tuilleadh eolais a fháil faoi CCSP.

Saoire Bhliantiúil

Anuas ar Laethanta Saoire Poiblí agus Laethanta Deonaithe an Choláiste ceadófar 20 lá oibre, ar a laghad, in aghaidh na bliana. Ba cheart saoire bhliantiúil a thógaint nuair nach bhfuil na mic léinn ar an gcampas agus ba cheart cead an Bhainisteoir Líne cuí a fháil roimhré.

Bronntar Laethanta Saoire Poiblí de réir fhoralácha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Saoire Bhreiteachta

Is féidir le fostaithe le tréimhse fostaíochta leanúnach de thrí mhí ar a laghad sa Choláiste pá breoiteachta a fháil faoi réir ag Scéim nua Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí. Braitheann pá breoiteachta ar nósanna imeachta aisláithreachais an Choláiste a chomhlíonadh ó thús go deireadh.

Fostaíocht a Fhoirceannadh

Tá fógra i scríbhinn trí mhí féilire ar a laghad de dhíth chun éirí as an bpost seo.

Ar fhostaíocht a fhoirceannadh ach sula n-imítear ón gColáiste, ní mor do bhaill foirne gach leabhar, tuarascáil, meamram, comhfhreagras, páipéar, taifead, tuairisc, comhad lena n-áirítear sonraí ar chomhaid leictreonacha, dioscaí ríomhaire, dioscaí a bheadh taifeadta go leictreonach agus aon doiciméid eile agus gach maoin eile lena n-áirítear eochracha oifige ar leis an gColáiste iad nó a bhaineann le gnó nó gnóthaí an Choláiste atá i seilbh an duine den fhoireann nó faoina rialú nuair a dhéantar fostaíocht a fhoirceannadh a thabhairt ar ais.

Rúndacht

Le linn do dhuine a bheith ag obair i gColáiste Mhuire gan Smál d'fhéadfadh go mbeidh teacht aige/aici ar, nó d'fhéadfadh go gcloisfí eolas faoi bhaill foirne agus/nó faoi mhic léinn de chuid Choláiste Mhuire gan Smál, agus/nó faoi fheidhmiú ghnó an Choláiste. Táthar den tuairim gur faisnéis faoi rún aon fhaisnéis a faightear le linn do dhuine a bheith fostaithe sa Choláiste, le haon ghné de fhreagrachtaí nó d'oibríochtaí an Choláiste san áireamh anseo. Níl cead aon chuid den eolas seo a roinnt ná a phlé ach amháin agus an duine a bheith i mbun a ghnáth-dhualgais, agus nach roinnfear an t-eolas seo le tríú páirtí ach amháin sa chás go bhfuil cead amhlaidh a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar dhuine gan taifid agus/nó comhaid a fhágáil ar bhealach ina mbeadh daoine neamhúdraithe in ann teacht orthu, agus is gá iad a stóráil go sábháilte i gcónaí.

Sláinte Agus Sábháilteacht

Cinntoidh Coláiste Mhuire gan Smál timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh fada agus atá indéanta le réasún. Dá bhrí sin, tá sé mar dhualgas ar gach fostaí cúram réasúnta a dhéanamh chun a sláinte agus a sábháilteachta féin agus sláinte agus sábháilteachta daoine eile sa láthair oibre a chosaint. Is gá do gach fostaí beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm i gColáiste Mhuire gan Smál a chomhlíonadh agus iad féin a chur ar an eolas faoin Ráiteas Sábháilteachta.

Tá sé de dhualgas ar fhostaithe an Trealamh Cosanta Pearsanta a tugadh dóibh a chaitheamh agus ní chuirfidh aon duine, d'aon ghnó nó trí thimpiste, isteach ar nó mí-úsáid a bhaint as aon uirlis, éadaí cosanta nó aon trealamh eile a chuirtear ar fáil sa láthair oibre ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Tá dualgas reachtaíochta ar fhostaithe a chinntiú go dtugtar tuairisc gan mhoill ar Fhoirm Thuairisce ar Thimpiste/ar Tharlúint don Oifigeach Sláinte faoi aon thimpist/eachtra a d'fhéadfadh tarlú.

Beidh ar an té a cheaptar don phost seo páirt iomlán a ghlacadh in aon obair a bhaineann le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta de réir mar a éilíonn an Coláiste é.

Beartais, Rialacha agus Rialacháin an Choláiste

Is fostóir Earnála Poiblí é an Coláiste agus é faoi réir ag Comhaontuithe Náisiúnta, mar atá aontaithe ag na Comhpháirtithe Sóisialta Náisiúnta. Tá sé ceangailte chomh maith ag rialacháin, ag ciorcláin agus ag treoracha

eisithe ar son an Rialtais ag Roinn an Airgeadais, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Údarás um ArdOideachais.

Tá fostaithe i gcónaí faoi réir forálacha bheartais éagsúla an Choláiste, agus rialacha agus rialacháin an Choláiste. Tá na beartais seo a leanas san áireamh ach d'fhéadfadh cinn eile a bheith i gceist freisin: Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht, Dínit san Ionad Oibre, Rialacha agus Rialacháin Scrúduithe, Beartas maidir le Ríomhaireacht Fhreagrach agus Úsáid Áiseanna Teicneolaíochta Faisnéise. Tá na beartais seo leagtha amach sa Lámhleabhar Foirne d'fhostaithe an Choláiste. Moltar do gach fostaí iad féin a chur ar an eolas faoi ábhair an Lámhleabhair, atá ar fáil ar leathanach gréasáin Acmhainní Daonna ar láithreán gréasáin an Choláiste.

5. IARRATAS AGUS PRÓISÉAS ROGHNAITHE

Modh Roghnaithe do Cheapachán

Gearrliostú

Tagann grúpa saineolais le chéile chun an gearrliosta a dhéanamh bunaithe ar na critéir réamhdhearbhaithe don phost.

De ghnáth bíonn níos mó ann iarrthóirí ná líon na bhfolúntas ann. I gcásanna go bhfuil líon na n-iarrthóirí chomh mór sin agus nach bhfuil sé praiticiúil iad go léir a chur faoi agallamh cé go gcomhlíonann siad na réamhchoinníollacha is féidir leis an gColáiste cinneadh a ghlacadh nach nglaofar ach líon áirithe chun agallaimh. Ní hionann seo is a rá nach bhfuil na daoine nach nglaohtar chun agallaimh oiriúnach chun an post a dhéanamh ach go bhfuil iarrthóirí áirithe ann agus óna bhfoirm iarratais tá an chuma air go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí chuí acu don phost. Mar sin, is den riachtanas é go gcuirtear gach eolas ábhartha ar an bhfoirm iarratais agus go léirítear go soiléir an tslí go gcomhlíontar na critéir atá sainithe don phost.

Agallamh

Is é An Bord Agallaimh a mholfaidh iarrthóir do cheapachán. Beidh an ceapachán bunaithe ar an moladh seo, ach amháin sa chás go gcuireann cúrsaí sláinte nó taifead fostaíochta mí-oiriúnach bac leis an gceapachán. Cruthófar painéal óna líonfar poist shealadacha agus bhuna don phost mar Cheann Roinn na Gaeilge le linn saolré an phainéil (12 mhí).

Beidh ar iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a sholáthar faoin taithí agus faoin oiliúint a luaitear sna hiarratais má iarrtar..

Scrúdú Dochtúra

Ar mhaithe le riachtanais maidir le sláinte a shásamh, d'fhéadfar go n-iarrfaí ar iarrthóirí rathúla, roimh cheapachán dóibh, páirt a ghlacadh i scagthástáil sláinte réamhfhostaíochta.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Beidh ar gach iarrthóir rathúil páirt a ghlacadh i ngrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar sainthreoir maidir leis an bpróiseas seo ag an am cuí. Ní chuirfear iarrthóirí nach gcomhlíonann riachtanais an Choláiste maidir leis seo san áireamh do cheapachán.

Iarratais a chur isteach

Is féidir foirmeacha iarratais don phost seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál. Is gá iarratais a sheoladh trí mheán an ríomhphoist go dtí recruitment@mic.ul.ie leis an teideal seo a leanas ar an ríomhphost: Ceann Roinn na Gaeilge faoin dáta anseo thíos:

2.00 i.n., Dé hAoine, 12 Iúil 2019

Ní ghlacfar le hiarratais atá déanach.

Ní bheidh an Coláiste freagrach as aon chostas, costais taistil san áireamh, a bheidh ar iarrthóirí maidir lena n-iarratas.

Sa chás go ndéanann aon iarrthóir, iad féin nó trí dhuine ar bith eile, stocaireacht ar mhaithe le tionchar a imirt ar thoradh an phróisis roghnúcháin ina f(h)ábhar féin, déanfar iad a dhícháiliú láithreach ón gcomórtas. Tabharfar neamhaird ar aon ionadaíocht a dhéanfar ar son iarrthóra, le cead nó gan cead an iarrthóra.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Coláiste Mhuire gan Smál.

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear

Meitheamh 2019